



---

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2020/0272(NLE)**

---

---

10953/20  
ADD 1

UD 209

**TOGRA**

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Meán Fómhair 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 585 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Thuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le Rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 585 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 585 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 21.9.2020  
COM(2020) 585 final

ANNEX

## IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Thuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le Rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

## IARSCRÍBHINN

Déanann an Iarscríbhinn seo comhlánú ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh ón gComhairle...

II.2. Tábla comhghaoil a fhorbairt idir leaganacha 2017 agus 2022 den Chóras Comhchuibhithe (Doic. NC2704, NC2749 agus NC2753)

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteidil 4407.13 agus 4407.14 (meascán de S-P-G (sprús, péine agus giúis) agus Moing mhear-Giúis (Moing mhear agus giúis iartharach)), tacóidh an tAontas leis na comhghaoil a mhol Rúnaíocht EDC i mír 20 de dhoiciméad NC2753.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteideal 4418.83 (I bíomaí), tacóidh an tAontas leis na comhghaoil a mhol an tSeapáin i mír 14 de dhoiciméad NC2753.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteideal 7019.71 (scimeanna/leatháin phlaisteacha chaola de shnáithíní gloine), tugann an tAontas dá aire gur ó fho-cheannteideal 7019.32 a dhéanfar an t-aon aistriú ó CC2017.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteidil 8462.62 agus 8462.63 (meaisíní gaibhnithe), tacóidh an tAontas leis na focheannteidil uile atá beartaithe lena n-aistriú atá luaite faoi CC2017, lena n-áirítear na cinn sna lúibíní cearnacha.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteideal 8519.81 (meaisíní freagartha teileafóin), tacóidh an tAontas leis an togra ó Rúnaíocht EDC in mír 26 de dhoiciméad NC2704.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteideal 8539.51 (LED) tacóidh an tAontas le conclúid Rúnaíocht EDC i mír 24 den doiciméad céanna.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteideal nua 8541.51 (trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir), tugann an tAontas Eorpach dá aire nach bhfuil aon fhianaise ann go rangáitear codanna ar leithligh i leagan CC2017. Dá bhrí sin, níl gá le haistrithe breise.

Maidir leis an tábla comhghaoil le haghaidh fho-cheannteideal 88.06 (aerárthach gan foireann), tacóidh an tAontas le rogha (i) a luaitear i mír 25 de dhoiciméad NC2704.

Ar deireadh, tacóidh an tAontas le roinnt earráidí eagarthóireachta a cheartú i nDréacht-táblaí Comhghaoil I agus II, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad NC2753.

III.4. Rangú bailiúchán áirithe agus earraí bailitheoirí inspéise ó thaobh moneolaíochta de in CC 2022 (Iarratas ón Rúnaíocht) (Doic. NC2711, NC2754)

Rangódh an tAontas na trí tháirge i bhfo-cheannteideal nua 9705.31 in CC2022. Tugann an tAontas dá aire go dtacaíonn Ceanada agus Rúnaíocht EDC le togra an Aontais chun an tagairt do “bhoinn ar a dtugtar go ginearálta ‘boinn ársa’ nó ‘seanbhoinn’ orthu sa cheird” a scriosadh ón dara mír d’Ítim (4) de Chuid nua (A) de Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 97.05.

III.5. Rangú cartús le haghaidh printéirí 3T in CC 2022 (Iarratas ón Rúnaíocht) (Doic. NC2712, NC2755)

Tacóidh an tAontas leis an togra le haghaidh Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe lena sonraítear gur cheart cartúis le haghaidh printéirí 3T a bhfuil

comhpháirteanna leictreonacha nó meicnióchtaí meicniúla leo a rangú mar chodanna de phrintéirí 3T a leasú.

Rangódh an tAontas táirgí a léirítear i ndoiciméid NC2712 agus NC2755 i gceannteideal 84.85 in CC2022 mar chodanna de phrintéirí 3T agus láithreach comhpháirteanna leictreonacha chun ceangal le printéir 3T.

### III.7 TUARASCÁIL ÓN 57Ú SEISIÚN D’FOCHOISTE ATHBHREITHNITHE CC (Doic. NR1434)

#### III.8. Ábhair le haghaidh cinnidh. (Doic. NC2709)

- (a) Iarscríbhinní C/4 agus D/8 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin (CC 2022) (Mír VI)
- (b) Iarscríbhinní C/5, D/9 agus D/22 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin (CC-2022) (Roinn VII)
- (c) Iarscríbhinní C/8 agus D/12 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a leanann moladh airteagal 16 an 28 Meitheamh 2019 (Roinn XIII)
- (d) Iarscríbhinní C/13 agus D/17 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a leanann Moladh Airteagal 16 an 28 Meitheamh 2019. (Roinn XX)
- (e) Iarscríbhinní C/14 agus D/18 – Leasuithe féideartha ar na Nótaí Míniúcháin i ndáil le trealamh áirithe le haghaidh páirceanna siamsaíochta (Togra ó na Stáit Aontaithe)

Comhaontóidh an tAontas leis na leasuithe uile atá beartaithe sna doiciméid.

- (f) Iarscríbhinní C/1 agus D/5 – Leasuithe féideartha ar na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 15.09 maidir le holaí olóige íona eile, agus ceannteideal 15.15 maidir le samplaí de shail mhíocróbach agus olaí míocróbacha

Maidir le Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 15.09, tacóidh an tAontas leis an togra ón Aontas Eorpach (rogha 2) agus an togra nua ó Cheanada (rogha 3). Maidir le hítim (D)(2), tacóidh an tAontas le “nó” (rogha 2) a úsáid seachas “agus/nó”.

Maidir le Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 15.15, tacóidh an tAontas leis an úsáid a bhaint as an gcor cainte “orgánach aonchille” (rogha 1), agus an úsáid a bhaint as “nó” (rogha 2) seachas as “agus/nó”. I samplaí (a) agus (b), tacóidh an tAontas leis an úsáid a bhaint as an gcor cainte “faighte ó” (rogha 2).

- (g) Iarscríbhinní C/3 agus D/7 – Leasuithe féideartha ar na Nótaí Míniúcháin maidir le “*placebos*” agus “fearais thrialacha cliniciúla dall dúbailte” i gceannteideal 30.06 (Iarratas ón Astráil)

Maidir leis an abairt “Áirítear i *placebos* an cheannteidil seo freisin [vacsaíní rialaithe] [vacsaíní faoi rialú] [vacsaíní a úsáidtear mar shubstaintí rialaithe agus] atá curtha faoi cheadúnas le haghaidh úsáid i dtrialacha cliniciúla atá aitheanta.”, ní thacóidh an tAontas leis an abairt sin a chur le téacs ítim (12) de Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 30.06, ar an ábhar nach bhfuil sé soiléir cén cineál substaintí a bhfuil cur síos orthu ann. Má chinneann na Páirtithe Conarthacha eile é a chur leis, tacóidh an tAontas le “vacsaíní a úsáidtear mar shubstaintí rialaithe” (rogha 3), nó más gá le solúbthacht, “vacsaíní rialaithe” (rogha 1).

Maidir leis an abairt “[Is féidir go gclúdaítear táirgí íocshláinte luibhe [le haghaidh úsáidí teiripeacha nó próifíolacsacha i substaintí gníomhacha atá le tástáil].]”,

leanfaidh an tAontas de bheith solúbtha maidir le cur leis an téacs, ach ní thacóidh sé le liosta oscailte samplaí mar a mhol Toscaireacht na Stát Aontaithe.

- (h) Iarscríbhinní C/6 agus D/10 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a leanann Moladh Airteagal 16 an 28 Meitheamh 2019 (Roinn IX)

Tacóidh an tAontas leis an togra le haghaidh Nótaí Míniúcháin Ceannteidil a chur le ceannteidil 4412.41, 4412.42 agus 4412.49. Iarrfaidh an tAontas go gcuirfí an téacs atá beartaithe faoi réir anailíse breise agus go gcuirfí feabhas air d’fhonn é a thabhairt i gcomhréir le cleachtais rangaithe reatha an Aontais (mar shampla, treoshuíomh na veínirí).

- (i) Iarscríbhinní C/7 agus D/11 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a leanann Moladh Airteagal 16 an 28 Meitheamh 2019 (Ranna XI agus XII)

Tacóidh an tAontas le “clúdach parasheimeach balla” agus “geoiteicstílí” a chur leis an liosta samplaí de theicstílí leictreonacha. Sa téacs a bhaineann le “geoiteicstílí”, tacóidh an tAontas leis an téacs “braiteoir déanta as snáithíní nó ar a laghad é a bheith comhtháthaithe go hiomlán sna snáithíní (rogha 2) mar a mhol an tAontas roimhe seo.

Tacóidh an tAontas le téacsanna a fhorghnóidh an Fochoiste Athbhreithnithe a ghlacadh go sealadach.

- (j) Iarscríbhinní C/12 agus D/16 – Leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a leanann Moladh Airteagal 16 an 28 Meitheamh 2019 (Roinn XVII)

Tacóidh an tAontas leis an tagairt maidir le ceamairí buanchomhtháite a chur isteach in alt 3 de Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 88.06, ar choinníoll go ndéantar athbhreithniú ar an Tuairim maidir le Rangú lena rangáitear dordán a bhfuil ceamara comhtháite leis i gceanteideal 85.25 agus go ndéantar í a ailíniú i gcomhréir le CC2022 agus Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe.

Maidir le mír 4 de Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 88.06, tacóidh an tAontas leis an togra ón tSín le critéir bhreise arna dtabhairt isteach ag an Aontas (an dara rogha).

- (k) Iarscríbhinní C/15 agus D/19 – Leasú féideartha ar na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le Caibidil 97 maidir le hairteagail chultúrtha ar leith (Togra ó na Stáit Aontaithe)

Ní thacaíonn an tAontas le liosta na n-ítimí a luaitear mar shamplaí, de dheasca go raibh siad an-sonrach agus teoranta i ndáil le raon feidhme na n-airteagal a rangófar faoi fho-cheanteideal 9705.10 a mhíniú.

Tugann an tAontas dá aire freisin nach dtabharfadh na sainmhínithe agus na samplaí atá curtha ar fáil soiléireacht maidir leis an gcaoi le “feistis náisiúnta thraidisiúnta” nó “seancharranna” a rangú, mar shampla.

- (l) Iarscríbhinní C/16 agus D/20 – Leasú ar Nótaí Míniúcháin RLG (CC 2022)

Tacóidh an tAontas leis an togra bunaidh ó Rúnaíocht EDC (rogha 1, ag úsáid an téarma “níl ach”, ach a bheith solúbtha i gcónaí maidir leis an gcor cainte “nach ndéantar obair bhreise seachas”) agus iarrfaidh sé go n-ailíneofar na téacsanna i mBéarla agus i bhFraincis.

- III.9. Leasú féideartha ar an Nóta Míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 71.04 maidir le diamaint shintéiseacha (Togra ó Phróiseas Kimberley) (Doic. NC2757)

Comhaontóidh an tAontas na modhnuithe atá beartaithe don tríú mír nua a ghabhann le ceannteideal 71.04 agus le hítim nua (3)a chruthú, ítim a ghabhann leis an gceanteideal Nótaí Míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 7104.91.

III.10. Rangú eilimint de leictrea-micrichórais mheicniúla in CC 2022 (Togra ón Rúnaíocht)

Rangódh an tAontas an táirge i gceanteideal 85.41.